Cuntais Leithreasa 2012

# Vóta 40

# Leanaí agus Gnóthaí Óige

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 40, bíonn sé d'iachall orm gach bliain an cuntas leithghabhála a ullmhú don Vóta, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an riachtanais seo, tá cuntas ceangailte an mhéid a caitheadh sa bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012 ullmhaithe agam do thuarastail agus do chostais Oifig an Aire do Leanaí agus Gnóthaí Óige, do sheirbhísí áirithe a riartar ag an Oifig sin, agus d'íocaíocht deontas áirithe.

Déantar comparáid idir an toradh caiteachais agus na suimeanna sin a deonadh ag Dáil Éireann faoin Acht um Leithghabháil 2012, agus an méid sin san áireamh arbh fhéidir é a úsáid mar leithghabhálacha i gcabhair caiteachais don bhliain.

**Athrú i Struchtúr an Vóta**

Rinneadh an Vóta a athstruchtúrú i 2012 de réir socruithe nua buiséadaithe fheidhmíochta le leithdháiltí Fotheidil a ailíniú le cuspóirí ardleibhéil. Dá bharr sin roinneadh an Vóta i dtrí phríomhréimse cláir, a raibh aschuir agus táscairí comhthéacs agus iarmhairte aitheanta acu ar fad.

Bunaíodh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ar 2 Meitheamh 2011 ag an Ordú um Ghnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta (Athrú Ainm na Roinne agus Theideal an Aire) 2011 (IR Uimh. 214 ó 2011). Ag eascairt as sin agus trí aistriú feidhmeanna áirithe eile chuig an Aire, bunaíodh Vóta 40 (Vóta 43 roimhe seo) Leanaí agus Gnóthaí Óige, a thug le chéile feidhmeanna agus maoiniú gaolmhar ó cheithre Vóta. Tháinig mórchuid na bhfeidhmeanna aistrithe ó Vóta 41 atá scortha, d'Oifig an Aire do Leanaí agus Gnóthaí Óige.

Ar mhaithe le comparáid bhríoch a sholáthar den toradh do na príomhchláir idir an bhliain reatha agus an bhliain roimhe, ionchorpraíodh na figiúirí toraidh don iarVóta 41 isteach sa chuntas seo. Is mian liom béim a chur air, áfach, nach mise a bhí mar Oifigeach Cuntasaíochta don iarVóta 41 agus gur tógadh na figiúirí a ionchorpraíodh go díreach ón gcuntas leithghabhála a foilsíodh i 2011 do Vóta 41.

**Aistriú Feidhmeanna**

Aistríodh freagracht do Scoileanna Coinneála Leanaí, faoi mar a ndearnadh soláthar dó in Acht na Leanaí, 2001, ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais chuig an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige le feidhm ó 1 Eanáir 2012 faoin Ordú um Ionaid Athchuir agus Scoileanna Coinneála Leanaí (Aistriú Riaracháin Roinne agus Feidhmeanna Aire) 2011 (IR Uimh. 668 ó 2011).

Bhí mar chuid den phróiseas seo aistriú raoin de shócmhainní caipitil ar áiríodh orthu sócmhainní a bhain leis na Scoileanna Coinneála Leanaí. Aistríodh sócmhainní caipitil a bhaineann leis na Scoileanna Coinneála Leanaí ó chlár acmhainní na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige chuig leabhair na Scoileanna Coinneála Leanaí le linn 2012 agus tá siad faoi réir anois ag rialuithe airgeadais inmhéanacha agus iniúchadh oiriúnach Bhord Bainistíochta Bhaile an Oibricigh.

**Ráiteas na mBeartas agus na bPrionsabal Cuntasaíochta**

Is cuid den chuntas iad Ráiteas na mBeartas agus na bPrionsabal Cuntasaíochta agus na nótaí 1 go 6.

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha cuntasaíochta do tháirgeadh cuntas leithghabhála i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú seachas an méid seo a leanas;

***Dímheas***

Bhí mar chuid den aistriú sócmhainní ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i 2012 sócmhainn i mbun tógála (IBT) maidir leis na costais thógála a bhí i gceist leis an mbuntionscadal caipitil do na háiseanna coinneála náisiúnta do leanaí, tionscadal nach bhfuil críochnaithe fós. Dá bharr sin, níl dímheas á dhéanamh air go dtí go mbeidh an tsócmhainn i mbun seirbhíse. Níor cuireadh ráiteas ar leith faoi shócmhainní i mbun forbartha i gcrích agus tá an tsócmhainn i mbun tógála curtha san áireamh sa Ráiteas faoi Shócmhainní Caipitil.

***Íocaíochtaí Gníomhaireachta***

Baineann an muirear faoi fhotheideal B.7 le híocaíochtaí don Roinn Coimirce Sóisialaí maidir leis an Scéim Íocaíochta Luathchúraim Leanaí. Is é an méid a ghearrtar don fhotheideal ná an méid a íocadh don Roinn sin i 2012. Rinneadh íocaíochtaí do Phobal freisin maidir le seachadadh seirbhísí áirithe. Gearradh an tsuim iomlán a íocadh do Phobal sa chomhthéacs seo le hais fotheidil A.5, B.3, B.4, B.5 agus C.5.

**Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht don Chóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Cleachtaítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo chuid dualgas eile mar Ard-Rúnaí. Lena chois sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a sholáthar go bhfuil sócmhainní á gcumhdach, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh go cuí, agus go bhfuil earráidí nó mírialtachaí ábhartha cé acu á gcosc nó iad á n-aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar a éifeachtúlacht.

Tá Ráiteas an Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais don Roinn Sláinte ábhartha freisin, ós rud é go gcuireann an Roinn sin seirbhísí áirithe ar fáil ar bhonn roinnte go Vóta 40 i réimsí an airgeadais agus na TE. Dá thoradh sin leantar ar aghaidh le seachadadh párolla, cuntas agus TEC ag an Roinn Sláinte ar son na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige.

Baineann Ráiteas an Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais le hábhar freisin, ós rud é go gcuireann an Roinn sin seirbhísí áirithe ar fáil ar bhonn roinnte chuig Vóta 40 i réimsí an airgeadais maidir leis na Scoileanna Coinneála Leanaí.

***An Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí seo a leanas le fáil:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal na bainistíochta le cuntasaíocht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh freagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh le teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus le beart cuí ceartaitheach a chinntiú
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom agus mé i mbun mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistith***e

Deimhním go bhfuil creat gnáthamh riaracháin agus tuairisciú bainistithe rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, go bhfuil na rudaí seo a leanas i gceist:

- is ann do chóras cuí buiséadaithe le buiséad bliantúil a ndéantar athbhreithniú air ag lucht sinsearach na bainistíochta
- déantar athbhreithnithe rialta ag lucht sinsearach na bainistíochta tuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais le hais tuar
- oibríonn córas bainistithe riosca laistigh den Roinn
- is ann do chórais ar aidhm leo slándáil na gcóras TEC a chinntiú
- is ann do threoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmeálta bainistithe thionscadail
- tá an Roinn géilliúil do gach treoirlíne ábhartha a bhaineann le soláthar agus í ag cloí le gach ciorclán a bhaineann le húsáid éigeantach na gcreatchomhaontuithe agus na gcreatchonarthaí.

***Iniúchadh inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a oibríonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís na rioscaí airgeadais dá nochtaítear an Roinn i bhfeidhm ar an bplean agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá gnáthaimh curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéanfar obair leantach i dtaca le tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh.

***Feabhsú Rialuithe Inmheánacha***

Tá feabhsuithe breise ar na rialuithe airgeadais inmheánaigh tar éis tarlú nó tá siad ar siúl anois, ina measc tá siad seo a leanas:

- Rinneadh tuilleadh forbartha agus treisithe ar an Aonad Iniúchta Inmheánaigh. Iniúchóir atá cáilithe go proifisiúnta atá i gceannas air anois agus tacaíocht aige ó bhall foirne atá cáilithe le haghaidh iniúchta a bhíonn ag obair go lánaimseartha san Aonad. Feidhmíonn an tAonad Iniúchta Inmheánaigh faoi threoir agus faoi rialú an Choiste Iniúchta Inmheánaigh & Riosca (IARC) agus an Ard-Rúnaí. Casaim ar Cheannasaí an Iniúchta Inmheánaigh agus le Cathaoirleach IARC ó am go chéile. Ina theannta sin, cuireann Cathaoirleach IARC nuashonruithe rialta ar fáil agus bíonn sé ag freastal ar an gCoiste Comhairleach Bainistithe le breac-chuntas a thabhairt ar thuarascáil bhliantúil IARC agus le pleananna oibre iniúchta a aithint chomh maith le haon cheist a thagann chun cinn.
- Cuireann bainisteoirí sinsearacha na Roinne a n-ainm le Ráiteas Ráthaíochta Rialaithe Airgeadais maidir lena gcuid réimsí aonair fhreagrachta. Bíonn na Ráitis seo ar fáil dom mar Oifigeach Cuntasaíochta agus mé ag cur i gcrích an Cuntas Leithghabhála.
- Tá próiseas aitheanta agus bainistithe rioscaí i bhfeidhm. Is é is cuspóir leis sin ná rioscaí a aithint agus a mheasúnú agus le bearta a shracrianú leis na rioscaí sin a rialú agus a bhainistiú ar féidir go bhfuil siad os comhair na Roinne. Rinneadh bainistiú riosca a ionchorprú sa timthriall pleanála gnó agus tá tuilleadh measúnaithe agus tuilleadh feabhsaithe ó thaobh an bhainistithe riosca ar siúl mar chuid de thimthriall pleanála agus athbhreithnithe gnó 2013.

Tarlóidh tuilleadh treisithe ó thaobh na rialuithe inmheánacha airgeadais le linn 2013 agus tá mar chuid de sin earcú cuntasóra bhreise atá cáilithe go proifisiúnta.

**Jim Breslin**

Oifigeach Cuntasaíochta

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

28 Márta 2013

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil atá le cur i láthair Thithe an Oireachtais

## Vóta 40 Leanaí agus Gnóthaí Óige

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 40 Leanaí agus Gnóthaí Óige don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012 faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir beartas agus prionsabal cuntasaíochta caighdeánach do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um an Státchiste agus Rannóga Iniúchta 1866, tá sé d'iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis dheireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach cistí agus réadmhaoine poiblí atá faoina smacht, as éifeachtúlacht agus barainneacht an riaracháin ina Roinn féin agus as rialtacht agus cuíúlacht gach idirbhirt sna cuntais leithghabhála.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá sé d'iachall orm faoi Alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus a leithéid de thástálacha a chur i gcrích is a mheasaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Ar chríochnú iniúchadh cuntais leithghabhála dom, tá sé de dhualgas orm deimhniú a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, dar liom, go gcuireann an cuntas i láthair go cuí na fáltais is an caiteachas sin a bhaineann leis an Vóta. Tá sé d'iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha

- mar ar theip ar roinn nó oifig caiteachas atá taifeadta sa chuntas a chur i bhfeidhm do na cuspóirí sin dá raibh an leithghabháil a rinneadh ag an Oireachtas i gceist, nó
- mar nach réitíonn na hidirbhearta atá taifeadta sa chuntas leis an údarás a bhfuil sé airbheartaithe gur cuireadh i gcrích faoi iad.

Faoi Alt 3 (10) den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá sé d'iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as iniúchtaí na gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin a chuirtear san áireamh sa chuntas agus measúnú ar an gceist ar cloíodh nó nár cloíodh le forálacha cuntasaíochta na nGnáthamh Airgeadais Phoiblí.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a thabhairt go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu a mbeadh caimiléireacht nó mírialtacht nó earráid i gceist leis. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á déanamh agam, déantar measúnú ar leorgacht iomlán chur i láthair an eolais sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

Is í mo thuairim go gcuireann an cuntas leithghabhála i láthair go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 40 Leanaí agus Gnóthaí Óige don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012.

Tá an t-eolas agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach chun cuspóirí m'iniúchta. Is í mo thuairim gur coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

21 Meán Fómhair 2013

# Vóta 40 Leanaí agus Gnóthaí Óige
## Cuntas Leithghabhála 2012

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas Cláir** | | | | |
| A | Clár Tacaíochta Leanaí agus Teaghlaigh | 86,359 | 81,264 | 55,232 |
| B | Cláir Earnála do Leanaí agus do Dhaoine Óga | 319,927 | 323,050 | 316,964 |
| C | Clár Beartais agus Reachtaíochta | 20,694 | 18,052 | 15,968 |
| | **Ollchaiteachas** | **426,980** | **422,366** | **388,164** |
| | *Bain as* | | | |
| D | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **12,223** | **12,387** | **4,254** |
| | **Glanchaiteachas** | **414,757** | **409,979** | **383,910** |

**Farasbarr do ghéilleadh**

Tá farasbarr an mhéid a cuireadh ar fáil thar an nglanmhéid faoi dhliteanas do ghéilleadh don Státchiste.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr do ghéilleadh | 4,777,586 | 11,796,272 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 8,260 | 8,166 | 6,342 |
| iii | Taisteal agus cothú | 154 | 102 | 66 |
| iii | Costais oiliúna agus forbartha agus theagmhasacha | 466 | 175 | 75 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 125 | 93 | 62 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TE | 119 | 164 | 66 |
| vi | Costais áitribh oifige | 450 | 357 | 211 |
| vii | Seirbhísí comhairleachta agus athbhreithnithe luach airgid agus beartais | 133 | 14 | 3 |
| viii | Uachtaránacht an AE | 97 | 3 | — |
| | | 9,804 | 9,074 | 6,825 |

# Nótaí don Chuntas Leithghabhála

## 1 Ráiteas Costais Oibriúcháin 2012

| | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas cláir | | 413,293 | 381,339 |
| Pá | | 8,169 | 6,342 |
| Neamhphá | | 904 | 483 |
| **Ollchaiteachas** | | **422,366** | **388,164** |
| *Bain as* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **12,387** | **4,254** |
| **Glanchaiteachas** | | **409,979** | **383,910** |
| **Athruithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| Glansócmhainní a aistríodh chuig Scoileanna Coinneála Leanaí | 4,163 | | |
| Ceannaigh in airgead tirim | (37) | | |
| Dímheas | 78 | | |
| | | 4,204 | 72 |
| **Athruithe i nglansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú i bhfabhruithe deiridh | 8,402 | | |
| Méadú stoic | (14) | | |
| | | 8,388 | (11,301) |
| **Caiteachas díreach** | | **422,571** | **372,681** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áiteanna eile** | | | |
| Glanchaiteachas seirbhísí comhghuaillithe (nóta 1.1) | | 1,811 | 1,804 |
| **Glanchostas cláir** | | **424,382** | **374,485** |

### 1.1 Glanchaiteachas Seirbhísí Comhghuaillithe

Tá méid ghlanchaiteachas na seirbhísí comhghuaillithe déanta as na suimeanna measta seo a leanas maidir le Vóta 40 a íoctar in áiteanna eile.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais ar Scor | 173 | 105 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,638 | 1,638 |
| Vóta 20 An Garda Síochána | — | 61 |
| | 1,811 | 1,804 |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2012

| | Nóta | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.3 | 3,340 | 296 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 584 | (1,703) |
| Stoic | 2.5 | 40 | 26 |
| Réamhíocaíochtaí | | 958 | 1,481 |
| Ioncam fabhraithe | | 2,075 | 9,951 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 26 | 134 |
| **Iomlán sócmhainní reatha** | | **3,683** | **9,889** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 160 | 157 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.7 | 502 | 225 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.8 | 108 | (1,794) |
| **Iomlán dliteanais reatha** | | **770** | **(1,412)** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **2,913** | **11,301** |
| **Glansócmhainní** | | **6,253** | **11,597** |
| **Á léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe stáit** | 2.1 | **6,253** | **11,597** |

### 2.1 Cuntas Maoinithe Stáit

| | Nóta | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | 11,597 | — |
| Maoiniú tarraingthe anuas | 2.2 | 411,790 | 385,714 |
| Míreanna neamhairgid | | 7,248 | 368 |
| Glanchostas cláir | 1 | (424,382) | (374,485) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | **6,253** | 11,597 |

### 2.2 Maoiniú tarraingthe anuas

| | | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| Íocaíochtaí amach ón vóta | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 414,757 | 395,706 |
| Farasbarr atá le géilleadh | Cuntas | (4,778) | (11,796) |
| | | 409,979 | 383,910 |
| Caiteachas (airgead tirim) a íocadh in áiteanna eile | 1 | 1,811 | 1,804 |
| **Iomlán maoinithe tarraingthe anuas** | | **411,790** | **385,714** |

## 2.3 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Feithiclí agus trealamh | Trealamh oifige | Troscán agus feisteas | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2012 | — | — | 588 | 553 | 1,141 |
| Méideanna breise | — | — | 32 | 5 | 37 |
| Aistriú ó ranna eile[1] | 7,300 | 232 | 214 | 67 | 7,813 |
| Aistriú chuig gníomhaireachtaí[2] | (4,219) | (232) | (203) | (59) | (4,713) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2012 | 3,081 | — | 631 | 566 | 4,278 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2012 | — | — | 476 | 369 | 845 |
| Aistriú ó ranna eile [1] | 179 | 195 | 163 | 28 | 565 |
| Aistriú chuig gníomhaireachtaí [2] | (179) | (195) | (154) | (22) | (550) |
| Dímheas don bhliain | — | — | 34 | 44 | 78 |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2012 | — | — | 519 | 419 | 938 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2012** | **3,081** | **—** | **112** | **147** | **3,340** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2011** | **—** | **—** | **112** | **184** | **296** |

[1] Aistríodh sócmhainní isteach go clár sócmhainní na Roinne de thoradh ar aistriú na bhfeidhmeanna i dtaca le Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

[2] Tagraíonn an coigeartú d’aistriú sócmhainní áirithe chuig na Scoileanna Coinneála Leanaí.

| **2.4 Banc agus Airgead Tirim** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna agus airgead tirim PMG | 584 | (1,613) |
| Orduithe gan íoc | — | (90) |
| | 584 | (1,703) |

| **2.5 Stoic** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 13 | 11 |
| Tomhaltáin TE | 26 | 15 |
| Feighlithe | 1 | — |
| | 40 | 26 |

| **2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Réamhíocaíochtaí do OOP | 22 | 40 |
| Caiteachas scéime pas taistil infhorchúitithe | (4) | 89 |
| Míreanna fionraí dochair eile | 8 | 5 |
| | 26 | 134 |

| **2.7 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Méideanna dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 2 | (4) |
| Cáin Shiarchoinneálach Sheirbhísí Proifisiúnta | 29 | 14 |
| Cáin Chonraitheoirí Ábhartha | 1 | 14 |
| Cáin Bhreisluacha | 2 | 14 |
| Pinsin | 408 | 86 |
| | 442 | 124 |
| Asbhaintí párolla ar fionraí | — | — |
| Míreanna fionraí creidmheasa eile | 60 | 101 |
| | 502 | 225 |

## 2.8 Glandliteanas don Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|
| Farasbarr atá le géilleadh | 4,778 | 11,795 |
| Deontas státchiste gan tarraingt anuas | (4,670) | (13,589) |
| Glandliteanas don Státchiste | 108 | (1,794) |
| **Á léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 584 | (1,703) |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 26 | 134 |
| | 610 | (1,569) |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (442) | (124) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (60) | (101) |
| | (502) | (225) |
| Farasbarr atá le géilleadh | 108 | (1,794) |

## 2.9 Tiomantais

| ag 31 Nollaig | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|
| Tiomantais ar dócha go n-eascróidh siad sna blianta ina dhiaidh seo do: | | |
| Fotheidil soláthair | 2,140 | 5,895 |
| Fotheidil deontais | 1,937 | 5,035 |
| Tiomantais iomlána | 4,077 | 10,930 |

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fotheidil

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar Meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Clár Tacaíochta Leanaí agus Teaghlaigh** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 2,230 | 2,206 | 1,712 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 391 | 244 | 130 |
| A.3 | An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh | 26,465 | 25,966 | 15,195 |
| A.4 | An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais | 9,622 | 8,253 | 8,690 |
| A.5 | Clár Críochnaithe Scoile | 28,256 | 26,892 | 28,951 |
| A.6 | Clár Tacaíochta Leanaí agus Teaghlaigh | 2,200 | 449 | 355 |
| A.7 | Ceartas Óige – Scoileanna Coinneála Leanaí | 17,195 | 17,254 | — |
| — | *Seirbhís na múinteoirí cuartaíochta don lucht siúil* | — | — | 199 |
| | | 86,359 | 81,264 | 55,232 |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

San iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €5,095,000 níos lú mar a ndearnadh soláthar dó. Sa dara cuid de 2012, agus bunaithe ar anailís treochtaí ginearálta caiteachais agus éilimh, le réamhfhaomhadh na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, d'aistrigh an Roinn coigilteas ar fhotheidil éagsúla laistigh den vóta le freastal a dhéanamh ar éilimh bhreise ar fhotheidil eile.

| **Cur Síos** | **Níos lú/ (níos mó) ná mar a ndearnadh soláthar dó**<br>**€000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | 147 | D'eascair an t-athraitheas ós rud é go raibh na costais riaracháin neamhphá a bhaineann le reáchtáil na Roinne, go háirithe i dtaca le hOiliúint agus Forbairt agus Costais Theagmhasacha chomh maith le Seirbhísí Comhairleachta agus Athbhreithnithe Luach Airgid agus Beartais níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais | 1,369 | D'eascair an t-athraitheas go príomha as an gcoigilteas párolla a d'eascair as folúntais fhoirnithe neamhlíonta, costais fhorchostais laghdaithe, cur siar tionscadal TE agus costais dlí a bhí níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| Clár Tacaíochta Leanaí agus Teaghlaigh | 1,751 | D'eascair an t-athraitheas ar chúiseanna ionaithe le costais fhoirnithe agus costais eile a bhain le hullmhúcháin do bhunú na Gníomhaireachta um Thacaíocht Leanaí agus Teaghlaigh. |

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **B** | **Cláir Earnála do Leanaí agus do Dhaoine Óga** | | | |
| B.1 | Riarachán - pá | 2,230 | 2,206 | 1,712 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | 391 | 244 | 130 |
| B.3 | Clár bliana réamhscoile ECCE | 175,800 | 175,768 | 163,030 |
| B.4 | Cláir chúraim leanaí | 80,998 | 85,682 | 85,778 |
| B.5 | Eagraíochtaí agus seirbhísí óige (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 58,306 | 57,030 | 60,940 |
| B.6 | Clár luathidirghabhála do leanaí (páirtmhaoinithe ag Ciste na gCuntas Díomhaoin) | 1,600 | 1,945 | 4,374 |
| B.7 | Íocaíocht luathchúraim leanaí | 602 | 175 | 1,000 |
| | | 319,927 | 323,050 | 316,964 |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

San iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár B €3,123,000 níos lú mar a ndearnadh soláthar dó. Sa dara cuid de 2012, agus bunaithe ar anailís treochtaí ginearálta caiteachais agus éilimh, le réamhfhaomhadh na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, d'aistrigh an Roinn coigilteas ar fhotheidil éagsúla laistigh den vóta le freastal a dhéanamh ar éilimh bhreise ar fhotheidil eile.

| Cur síos | Níos lú/ (níos mó) ná mar a ndearnadh soláthar dó €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | 147 | D'eascair an t-athraitheas ós rud é go raibh na costais riaracháin neamhphá a bhaineann le reáchtáil na Roinne, go háirithe i dtaca le hOiliúint agus Forbairt agus Costais Theagmhasacha chomh maith le Seirbhísí Comhairleachta agus Athbhreithnithe Luach Airgid agus Beartais níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| Cláir chúraim leanaí | (4,684) | D'eascair an farasbarr ós rud é go raibh líon agus cáilitheacht na dtuismitheoirí cáilithíocha a bhain leas as na Cláir Fhóirdheontais Chúraim Leanaí Pobail i bhfad níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis. Rinneadh freastal ar na hacmhainní méadaithe a theastaigh ó líon fotheideal sa Vóta. |
| Clár luathidirghabhála do leanaí (páirtmhaoinithe ag Ciste na gCuntas Díomhaoin) | (345) | D'eascair an farasbarr mar gheall ar acmhainní breise a theastaigh le tacú le tionscnaimh shonracha maoinithe faoin gclár. I Mí Lúnasa 2012 aistríodh suim de €245,145 ó choigilteas ar Fhotheideal A.4 le faomhadh na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. I Mí na Samhna 2012 aistríodh €100,000 breise ó choigilteas ar Fhotheideal C.7 arís le faomhadh na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. |
| Íocaíocht luathchúraim leanaí | 427 | D'eascair an t-athraitheas ós rud é go raibh líon na n-éileamh a fuarthas ó thuismitheoirí cáilithíocha do riaráistí na híocaíochta forlíontaí luathchúraim leanaí níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis. |

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar Meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **C** | **Clár Beartais agus Reachtaíochta** | | | |
| C.1 | Riarachán - pá | 3,897 | 3,758 | 2,918 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | 665 | 416 | 223 |
| C.3 | Réitigh agus táillí dlí ilghnéitheacha | 650 | 186 | 255 |
| C.4 | Staidéar Fadaimseartha Náisiúnta | 4,031 | 4,020 | 5,557 |
| C.5 | Straitéis Náisiúnta Leanaí agus cláir eile | 2,539 | 1,970 | 2,035 |
| C.6 | Deontais d'eagraíochtaí (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 500 | 500 | 500 |
| C.7 | Údarás Uchtála na hÉireann | 3,300 | 2,265 | 2,430 |
| C.8 | Oifig an Ombudsman do Leanaí | 2,112 | 2,000 | 2,005 |
| C.9 | Costas i dtaca le heagrú reifrinn bhunreachtúil ar chearta na leanaí | 3,000 | 2,937 | — |
| — | *An Bord Comhairleach um Achtanna na Leanaí* | — | — | 45 |
| | | 20,694 | 18,052 | 15,968 |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

San iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár C €2,642,000 níos lú mar a ndearnadh soláthar dó. Sa dara cuid de 2012, agus bunaithe ar anailís treochtaí ginearálta caiteachais agus éilimh, le réamhfhaomhadh na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, d'aistrigh an Roinn coigilteas ar fhotheidil éagsúla laistigh den vóta le freastal a dhéanamh ar éilimh bhreise ar fhotheidil eile.

| Cur síos | Níos lú/ (níos mó) ná mar a ndearnadh soláthar dó €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | 249 | D'eascair an t-athraitheas ós rud é go raibh na costais riaracháin neamhphá a bhaineann le reáchtáil na Roinne, go háirithe i dtaca le hOiliúint agus Forbairt agus Costais Theagmhasacha chomh maith le Seirbhísí Comhairleachta agus Athbhreithnithe Luach Airgid agus Beartais níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| Táillí agus réitigh dlí ilghnéitheacha | 464 | Tá sé deacair an caiteachas a thuar faoin bhFotheideal seo ós rud é go mbaineann sé le nádúr agus le toradh na n-imeachtaí dlí. |
| Straitéis Náisiúnta na Leanaí agus cláir eile | 569 | D'eascair an t-athraitheas ós rud é nár tháinig na costais ionchais a bhaineann le líon clár, Straitéis Náisiúnta na Leanaí san áireamh, chun cinn go hiomlán. |
| Údarás Uchtála na hÉireann | 1,035 | Tá an t-athraitheas inchurtha i leith eisíocaíochtaí caiteachais a bhí níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis ar thuarastail mar gheall ar fholúntais fhoirne nár líonadh agus costais oibríochtúla eile neamhphá, a bhain go príomha le costais dlíthiúla a bhí níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| Oifig an Ombudsman do Leanaí | 112 | Bhain an t-athraitheas go príomha le pá a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar bhainistiú folúntais. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí i gcabhair | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Clár Cúraim Leanaí Comhdheiseanna | 8,000 | 8,092 | — |
| 2. | Maoiniú Cistí Díomhaoine | 1,600 | 1,599 | 3,000 |
| 3. | Scéim aoisliúntais – An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais | 349 | 280 | 299 |
| 4. | Ranníocaíochtaí do scéim phinsin d'fhoireann neamhtheagaisc sna scoileanna coinneála leanaí | 585 | 559 | — |
| 5. | Ilghnéitheach | 1 | 2 | 11 |
| 6. | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 1,688 | 1,855 | 944 |
| | **Iomlán** | **12,223** | **12,387** | **4,254** |

**Míniú na n-éagsúlachtaí suntasacha**

Tugtar míniú thíos i gcás gach ceannteidil mar a raibh an toradh éagsúil ón méid a measadh faoi níos mó ná €100,000, agus faoi níos mó ná 5%.

| Cur síos | Níos lú/ (níos mó) ná mar a ndearnadh soláthar dó €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean ar luach saothair na seirbhíse poiblí | (167) | D'eascair an farasbarr mar gheall ar mheas faoina luach na bhfáltas a bhí dlite, agus sin ag baint go príomha le haistriú foirne na Scoileanna Coinneála Leanaí chuig Vóta na Roinne. |

**4.2 Fáltais bhreise iníoctha don Státchiste**

Aistríodh fáltais eile ar luach iomlán €334,000 chuig an Státchiste le linn na bliana. Bhain siad seo le €237,000 maidir leis an iarmhéid deiridh i gcuntas an Bhoird Chomhairligh um Achtanna na Leanaí tar éis a lánscoir faoin Acht um Chúram Leanaí (Leasú) 2011 agus €97,000 a bhain le haisíoc íocaíochta deontais faoi chláir chríochnaithe scoile.

# 5 Líon agus Pá Fostaithe

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| **Líon na foirne ag deireadh na bliana** (coibhéis lánaimseartha) | 132 | 114 |

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 7,608 | 5,987 |
| Liúntas dualgas níos airde, speisialta nó breise | 109 | 60 |
| Liúntais eile | 1 | 1 |
| Ragobair | 70 | 23 |
| ÁSPC an fhostaitheora | 381 | 271 |
| **Pá iomlán** | **8,169** | **6,342** |

### 5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2012 | 2011 |
| | | | € | € |
| Dualgais níos airde, speisialta nó breise | 18 | 3 | 20,614 | 13,478 |
| Liúntais eile | 10 | — | 337 | 337 |
| Ragobair | 18 | 1 | 16,914 | 3,979 |

Fuair daoine áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

### 5.2 Foireann Ghníomhaireachta

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| **Líon na foirne ag deireadh na bliana** (coibhéis lánaimseartha) | 132 | 114 |
| An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh | 14 | 12 |
| An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais | 91 | 93 |
| Scoileanna Coinneála Leanaí | 203 | — |
| Údarás Uchtála na hÉireann | 24 | 25 |
| Oifig an Ombudsman do Leanaí | 10 | 11 |
| Iomlán | 342 | 141 |

| **Pá** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh | 768 | 753 |
| An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais | 5,229 | 5,414 |
| Scoileanna Coinneála Leanaí[1] | 13,007 | — |
| Údarás Uchtála na hÉireann | 1,220 | 1,357 |
| Oifig an Ombudsman do Leanaí | 730 | 767 |
| Iomlán | 20,954 | 8,291 |

[1] Aistrithe chuig an Roinn ar 1 Eanáir 2012.

Ní idirbheart airgeadais díreach de chuid na Roinne é caiteachas pá na ngníomhaireachtaí agus mar sin de ní gnáth go mbíonn faisnéis mhionsonraithe phá agus liúntais i seilbh na Roinne maidir le foireann ghníomhaireachta. Tá a leithéid d'fhoirmeacha faisnéise mionsonraithe mar chuid de ráitis airgeadais bhliantúla gach gníomhaireachta. Tugadh treoracha do na gníomhaireachtaí rannpháirteacha anailís phá a fhoilsiú ar a suíomhanna gréasáin faoi seach ar an dóigh céanna a soláthraítear sonraí pá na Roinne ag 5.1 thuas.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú Crannchuir Náisiúnta

| Fothei -deal | Cur Síos | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| B.5 | Eagraíochtaí agus seirbhísí óige (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 57,030 | 23,790 |
| C.6 | Deontais chuig eagraíochtaí (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 500 | 500 |

Tá liosta d'fhaighteoirí an mhaoinithe agus na suimeanna a íocadh ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne: www.dcya.gov.ie

### 6.2 Seirbhísí Gníomhaireachta

Cuirtear seirbhísí gníomhaireachta ar fáil ag an Roinn Coimirce Sóisialta i dtaca le Fotheideal B7. San iomlán íocadh €175,000 don Roinn Coimirce Sóisialta i dtaca leis an gclár íocaíochta luathóige. Seo an méid a gearradh don fhotheideal i 2012.

Cuirtear seirbhísí gníomhaireachta ar fáil ag Pobal maidir le seirbhísí áirithe chuig Fotheidil A.5, B.3, B.4 B.5 agus C.5. San iomlán íocadh €102.970 milliún chuig Pobal, is ionann sin is an tsuim iomlán a gearradh do na 5 fhotheideal sa chomhthéacs seo.

### 6.3 Costais Dhlíthiúla

| Déantar na costais dhlíthiúla a íocadh le linn na bliana a chatagóiriú mar seo a leanas: | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| Táillí dlíthiúla | 78 | 135 |
| Cúiteamh | — | — |
| | 78 | 135 |

### 6.4 Coimisiúin

Bunaíodh an Coimisiún Reifrinn don Bhille um an 31ú Leasú don Bhunreacht (Leanaí) 2012 ar 19 Meán Fómhair 2012 le hábhar na moltaí reifrinn a mhíniú, le feasacht an phobail a chothú i leith an reifrinn agus leis na toghthóirí a spreagadh le vóta a chaitheamh. Tionóladh Reifreann na Leanaí ar 10 Samhain 2012. De réir Ailt 13 (Airleacain do Choimisiún) d'Acht an Reifrinn 1998, leithdháil an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige €1.9 milliún i Mí Dheireadh Fómhair 2012 ar Oifig an Ombudsman le gníomhaíochtaí an Choimisiúin Reifrinn a mhaoiniú i dtaca leis an reifreann. Chaith an Coimisiún Reifrinn €1,706,522 ar a bhfeachtas eolais do Reifreann na Leanaí. Cuireadh an t-iarmhéid neamhchaite de €193,478 ar ais chuig an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige i 2013 agus pléifear leis mar Fháltas Breise Státchiste.